- truailleáin infheicthe, cumhacht inneall adhainte comhbhrú a thomhas (deatach díosail) – soiléiriú ar an bhfoclaíocht maidir le húsáid an bhreosla tagartha is gá chun astaíochtaí a thástáil;
- gloiniú sábháilteachta – nuashonrú lena dtugtar isteach díolúine le haghaidh limistéar modarthachta teimhní a d'fhéadfadh a bheith ann ar ghaothscáth feithiclí M2 lena n-éascaítear suiteáil scáthán cúlfhéachana ar an taobh istigh agus gnéithe éagsúla sábháilteachta agus áisiúlachta trucailí a bhfuil tráidirí lódála de chineál oscailte orthu;
- suiteáil gaireas soilsiúcháin agus gaireas solaschomharthaíochta le haghaidh na nithe seo a leanas:
  - mótarfheithiclí – ceartúcháin ar cheanglais maidir le hinfheictheacht an tsolais dhearg i dtreo an tsolais tosaigh agus/nó an tsolais bháin i dtreo chúl na feithicle, agus nuashonruithe ar na ceanglais maidir le teilgin chúnaimh tiománaí,
  - Feithiclí L3 – nuashonrú lena gcumasaítear deireadh a chur de réir a chéile le suiteáil lampaí/gaireas atá sean,
  - móipéidí – nuashonrú lena gcumasaítear deireadh a chur de réir a chéile le suiteáil lampaí/gaireas atá sean, agus
  - feithiclí talmhaíochta – nuashonrú lena gcumasaítear deireadh a chur de réir a chéile le suiteáil lampaí/gaireas atá sean;
- páirteanna athsholáthair coscánaithe – soiléiriú ar na ceanglais phacáistithe agus lipéadaithe le haghaidh cineálacha áirithe cóimeálacha líneála coscáin;
- imbhualadh tosaigh – nuashonrú lena dtugtar isteach ceanglais maidir le sábháilteacht iarthuairte feithiclí faoi thiomáint hidrigine;
- imbhualadh taobhaí – nuashonrú lena dtugtar isteach ceanglais maidir le sábháilteacht iarthuairte feithiclí faoi thiomáint hidrigine, agus soiléirithe éagsúla;
- feithiclí a bhfuil gléasra cumhachta leictreach iontu – soiléirithe éagsúla, lena n-áirítear soiléirithe maidir le treo an imbhuailte sa tástáil sláine meicniúla;
- córais téimh – nuashonrú lena n-éascaítear glacadh na teicneolaíochta nua 'téitheoir radaíochta', ar féidir í a chur i bhfeidhm ar fheithiclí leictreacha;
- srianta feabhsaithe sábháilteachta linbh – soiléirithe maidir le prionsabal an bhealaigh crios aonair, agus nuashonruithe lena dtugtar isteach ceanglais agus nós imeachta tástála le haghaidh ancaireachtaí ar teaghrán níos ísle;
- feithiclí hidrigine agus breosla-chille – trasuí téacs RTD Uimh. 13 ó na Náisiún Aontaithe, Céim 2;
- imbhualadh taobhaí cuaille – nuashonruithe lena dtugtar isteach ceanglais maidir le sábháilteacht iarthuairte feithiclí faoi thiomáint hidrigine;
- imbhualadh tosaigh le béim ar chórais srianta – nuashonrú lena dtugtar isteach ceanglais maidir le sábháilteacht iarthuairte feithiclí faoi thiomáint hidrigine;
- Córais ancaireachta ISOFIX, ancaireachtaí ar teaghrán uachtaracha ISOFIX agus ionaid suí i-Size – nuashonrú lena dtugtar isteach ceanglais agus nós

